Oifig na bPasanna
Passport Office

A Thuismitheoir/Chaomhnóir,

Faoi cheangal tá Mionnscríbhinn Chaomhnóra Aonair lena chomhlánú.

Moltar do dhuine ar bith a chomhlánóidh an fhoirm Mionnscríbhinne, atá éiginnte faoi ghné ar bith de, comhairle dlí a lorg sula gcomhlánaítear í.

Déantar foráil le hAlt 20 (1) d'Acht na bPasanna, 2008 go bhfuil aon duine, cibé acu sa Stát nó in áit eile, a dhéanann, i dtaca le hiarratas ar phas a eisiúint (cibé acu is chuige féin nó chuici féin nó chuig duine eile nó nach ea), faisnéis nó doiciméid a sholáthar atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, agus arb eol dó nó di ina leith, nó a gcreideann sé nó sí ina leith, go bhfuil sí nó siad bréagach nó míthreorach amhlaidh nó atá meargánta i dtaobh iad a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, ciontach i gcion.

Ní mór an Mhionnscríbhinn a chomhlánú i láthair duine atá údaraithe de réir dlí chun daoine a chur faoi mhionn, m.sh. Aturnae nó Coimisinéir Mionnaí, agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil léi:

□ foirm iarratais ar phas (APS1) (sa chás go bhfuil cónaí ar an iarratasóir sa Stát) nó APS2 (sa chás go bhfuil cónaí ar an iarratasóir thar lear);

□ deimhniú breithe bunaidh an linbh nó teastas uchtála (de réir mar is cuí) agus

□ an pas a bhí aige/aici roimhe seo nó

□ i gcás iarratasóra chéaduaire, tá eolas maidir leis na doiciméid a bheidh ag teastáil ar láithreán gréasáin Sheirbhís na bPasanna https://www.dfa.ie/passports-citizenship/top-passport-questions/documentary-requirements-passport-applications/

**Cinntigh le do thoil go bhfuil teastas breithe do linbh sínithe ar chúl agus nótaireacht déanta air mar atá leagtha amach sa mhionnscríbhinn.**

Má tá tuilleadh eolais maidir le Seirbhís na bPasanna ag teastáil uait, féach www.dfa.ie/passport.

______________

Seirbhís na bPasanna

# MIONNSCRÍBHINN LE MIONNÚ AG AN TÉ A MHAÍONN GURB É/Í FÉIN CAOMHNÓIR AONAIR AN LINBH

**(Comhlánaigh an fhoirm seo i ndúch dubh)**

Tugaimse (ainm iomlán)

______________________________________________________________________________

as (seoladh iomlán) ______________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________________

agus mé in aois ________ bliana agus os a chionn, mionn agus deirim mar seo a leanas:-

1) Is mise caomhnóir aonair (ainmneacha iomlána an linbh) ________________________________________

a rugadh an ____ lá de ________________ sa bhliain __________ . Is mian liom tagairt do theastas breithe an linbh réamhráite, atá marcáilte leis an litir "X", agus ar ar shínigh mé m'ainm sular thug mé an mionnú seo.

2) Deirim gur mise caomhnóir aonair an linbh réamhráite agus:

a) nach bhfuil aon chaomhnóir eile ag an leanbh réamhráite de bhun an Achta um Chaomhnóireacht Naíon 1964;

b) nach bhfuil Ordú Cúirte ann a thugann caomhnóireacht an linbh réamhráite do dhuine ar bith eile, nó cearta nó freagrachtaí atá coibhéiseach le caomhnóireacht an linbh sin, nó freagracht tuismitheora maidir leis an leanbh sin;

c) Níl aon socrú nó comhaontú déanta agam a bhfuil d'éifeacht aige go mbeadh duine ar bith eile ina c(h)aomhnóir ag an leanbh réamhráite i gcomhpháirt liomsa nó a airbheartaíonn go mbeadh, nó a bhaineann le duine ar bith eile ar dhóigh eile a bhfuil cearta agus freagrachtaí aige nó aici atá coibhéiseach le caomhnóireacht an linbh réamhráite, nó freagracht tuismitheora maidir leis an leanbh réamhráite;

d) nach bhfuil duine ar bith eile in c(h)aomhnóir ag an leanbh réamhráite, nó cearta nó freagrachtaí atá coibhéiseach le caomhnóireacht an linbh sin, nó freagracht tuismitheora maidir leis an leanbh sin faoi réir feidhmiú dlí;

e) nach bhfuil aon tosca eile trína bhfuil caomhnóir ann, nó trína bhfuil cearta agus freagrachtaí atá coibhéiseach le caomhnóireacht an linbh réamhráite, nó freagracht tuismitheora maidir leis an leanbh réamhráite ann.

3) Déanaim an Mhionnscríbhinn seo ar bhonn na bhforas atá ar eolas agam féin ach amháin i gcás gur cosúil a mhalairt.

Arna mhionnú agus arna dhearbhú ag an duine thuasluaite

___________________________________________________ ar an ______ lá seo de_________________,

20_____ ag _________________________________________

i mo láthair (ainm i mbloclitreacha) ______________________________________________________________

[duine a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi],

**nó**

[duine a chuir _____________, a bhfuil aithne pearsanta agam air/uirthi, in aithne dom]

**nó**

[duine ar cruthaíodh a (h)aitheantas dom sula ndearna mé an Mhionnscríbhinn seo trí phas darb uimhir [uimhir an phas] arna eisiúint an [dáta eisiúna] ag údaráis [stát eisiúna], ar údarás é a aithníonn Rialtas na hÉireann]

**nó**

cárta náisiúnta aitheantais darb uimhir [uimhir cárta aitheantais] arna eisiúint an [dáta eisiúna] ag údarás [stát eisiúna] ar Ballstát de chuid an AE, de chuid Chónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE]

**nó**

[Pas Eachtrannaigh darb uimhir (doiciméad arb ionann é agus pas) [uimhir pas] arna eisiúint an [dáta eisiúna] ag údaráis [stát eisiúna] ar údarás é a aithníonn Rialtas na hÉireann]

**nó**

doiciméad taistil dídeanaí darb uimhir [uimhir an doiciméid] arna eisiúint an [dáta eisiúna] ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais]

**nó**

doiciméad taistil (nach doiciméad taistil dídeanaí é) [uimhir an doiciméid] arna eisiúint an [dáta eisiúna] ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Síniú an Teisteora

_____________________________________

Síniú an Duine a Chuir an Teisteoir faoi Mhionn/Dhearbhú

agus Uimhir Theileafóin ________________________________________

STAMPA
NÓ SÉALA
OIFIGIÚIL

---

**Ní mór an doiciméad seo a mhionnú nó a dhearbhú i láthair duine atá údaraithe de réir dlí chun daoine a chur faoi mhionn.** Rev.03/17